

An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2026  
(OR. en)

13528/26

COASI 180  
ASIE 40  
CFSP/PESC 1496  
PE 107  
WTO 104  
COHOM 119  
ECOFIN 1210  
MACAO 1

## NÓTA CLÚDAIGH

|                           |                                                                                                                                                          |
|---------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                        | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir                                                                            |
| chuig:                    | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh                                                                                                |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | JOIN(2026) 21 final                                                                                                                                      |
| Ábhar:                    | TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Sainréigiún Riaracháin Macao<br>Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad JOIN(2026) 21 final.

Faoi iamh: JOIN(2026) 21 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS  
DO GHNÓTHAÍ  
EACHTRACHA AGUS DON  
BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 22.9.2026  
JOIN(2026) 21 final

**TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS  
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Sainréigiún Riaracháin Macao**

**Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2025**

# **TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

## **SAINRÉIGIÚN RIARACHÁIN MACAO**

### **TUARASCÁIL BHLIANTÚIL LE hAGHAIDH 2025**

#### **Achoimre**

Ón tráth a aistríodh Macao go dtí Daon-Phoblacht na Síne in 1999, is go dlúth atá na forbairtí polaitiúla agus eacnamaíocha i Sainréigiún Riaracháin Macao á leanúint ag an Aontas agus a Bhallstáit, faoin bprionsabal ‘aon tír amháin, dhá chóras’. Tacaíonn an tAontas leis an bprionsabal sin agus lena chur chun feidhme i gcomhréir leis an mBundlí, arb é is aidhm dó a áirithiú nach n-athrófar an dóigh bheatha, an smacht reachta agus cosaint na gceart agus na saoirsí bunúsacha in Macao go dtí 2049.

I gcomhréir leis an ngealltanas a tugadh do Pharlaimint na hEorpa in 1999, eisíonn an Coimisiún agus an tArdionadaí/Leas-Uachtarán tuarascáil bhliantúil maidir leis na forbairtí in Macao. I gcaitheamh na mblianta, leagadh béim ar leith ar chur chun feidhme an phrionsabail ‘aon tír amháin, dhá chóras’ ar neamhspleáchas Macao a luaitear sa Bhundlí.

Is í seo an 26ú tuarascáil, lena gcumhdaítear 2025. Ó thaobh na polaitíochta de, leanadh de chreimeadh an neamhspleáchais agus na saoirsí agus na gceart bunúsach atá le cosaint go dtí 2049 ar a laghad. Tharla an méid seo a leanas i rith na bliana sin: (i) an t-ochtú toghchán den Tionól Reachtach, agus (ii) an chéad ghabháil faoin Dlí maidir le Slándáil Náisiúnta a Chosaint.

D’eisigh Urlabhraí an Aontais ráiteas inar cumhdaíodh an tsaincheist seo a leanas:

- 2 Lúnasa 2025 – Ráiteas ón Urlabhraí maidir le gabháil Au Kam San<sup>1</sup>

Tháinig méadú 4,7 % bliain ar bhliain ar olltáirgeacht intíre (OTI) Macao in 2025. Ba é sin an tríú bliain fais as a chéile ach níor théarnaigh an geilleagar go hiomlán fós chuig na leibhéil a bhí ann roimh phaindéim COVID-19. Thacaigh méaduithe ar an líon turasóirí a bhí ag taisteal go Macao agus ioncam cearrbhachais gaolmhar leis an bhfás eacnamaíoch. Tuairiscíodh gur thug 40,1 milliún duine cuairt ar Macao in 2025. Is é seo an chéad uair ó dheireadh phaindéim COVID-19 gur sháraigh an líon turasóirí na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. Mar sin féin, d’ainneoin gur tháinig méadú ar an líon turasóirí, níor tháinig an t-ioncam ó chearrbhachas ar ais go dtí an leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim.

In 2025, ba é an tAontas an dara comhpháirtí trádála earraí ba mhó a bhí ag Macao, arbh ionann é agus 26,0 % de thrádáil iomlán Macao agus bhí barrachas trádála aige i bhfabhar an Aontais. Ba é an tAontas an tríú foinse ba mhó de stoc infheistíochta díri coigríche (IDC) Macao in 2024 (an ceann is déanaí atá ar fáil).

---

<sup>1</sup> Ráiteas ón Urlabhraí maidir le gabháil Au Kam San, an 2 Lúnasa 2025, le fáil ag: [https://www.ecas.europa.eu/ecas/macao-statement-spokesperson-arrest-au-kam-san\\_en](https://www.ecas.europa.eu/ecas/macao-statement-spokesperson-arrest-au-kam-san_en).

## I. Forbairtí polaitiúla agus sóisialta

Reáchtáladh an t-ochtú toghchán den Tionól Reachtach an 14 Meán Fómhair. Thogh comhlachais in earnálacha sóisialta éagsúla 14 reachtóir go díreach, agus 12 go hindíreach. An 29 Meán Fómhair, cheap an Príomhfheidhmeannach Sam Hou Fai seachtar reachtóirí breise. Ghlac na 33 chomhalta den Tionól a mionnaí an 16 Deireadh Fómhair.

Chaith 53,35 % de na vótálaithe vóta don toghlach a toghadh go díreach, agus chaith 175 272 vótálaí vóta. Ba é sin an tríú ráta vótála ab ísle ó bhí an t-aistriú ann in 1999, in ainneoin dreasachtaí a chuir an Rialtas agus cuideachtaí príobháideacha ar fáil do dhaoine chun vóta a chaitheamh. Bhuaigh foireann *New Hope* [Dóchas Nua], faoi stiúir an iar-reachtóra reatha José Pereira Coutinho, an líon ab airde vótaí, agus fuair sí 43 361 ballóid, an líon is airde riamh, nó thart ar an gceathrú cuid de na vótaí a caitheadh.

Shroich an líon vótaí neamhbhailí an leibhéal is airde riamh ag 13 040. Ghlac na húdaráis socrú nua lenar cuireadh cosc ar eagraíochtaí meán freastal ar an seisiún a scrúdaigh vótaí neamhbhailí. Níor ceadaíodh grianghrafadóireacht ná físghrafadóireacht den phróiseas go fóill.

Ceapadh André Cheong, a bhí ina Rúnaí Riaracháin agus Dlí agus Cirt roimhe sin, ina reachtóir agus thogh reachtóirí d'aontoil é ina Uachtarán ar an Tionól Reachtach an 16 Deireadh Fómhair. Reachtóir céaduaire a ghlac an ról ceannaireachta, ní fhacthas a leithéid riamh i stair reachtas Macao.

Tar éis an toghcháin, rinneadh athrú ar na príomhoifigigh. Tháinig Wong Sio Chak i gcomharbas ar Cheong, a bhí ina Rúnaí Slándála roimhe sin; Tháinig Chan Tsz King, an Príomh-Ionchúisitheoir roimhe sin in ionad Wong.

An 6 Samhain, dúirt an Coimisiún in aghaidh an Éillithe gur tharchuir sé dhá chás a d'eascair as próiseas toghcháin an Tionóil Reachtaigh chuig Oifig na nIonchúiseamh Poiblí, lena n-áirítear cás líomhnaithe d'éilliú toghcháin inar gheall an t-amhrastach ar ardán meán sóisialta vótáil ar son an iarrthóra a d'fhéadfadh luach saothair airgeadaíochta a sholáthar.

Roimh an toghchán, dhícháiligh an Coimisiún um Ghnóthaí Toghcháin do Thoghchán an Tionóil Reachtaigh dáréag iarrthóirí ó dhá liosta toghcháin an 15 Iúil, agus luaigh sé nár chloígh siad leis an mBundlí agus nach raibh siad dílis do Shainréigiún Riaracháin Macao. Bhí duine de na daoine dá ndearnadh difear ina reachtóir i mbun oifige faoi láthair. D'éirigh leis siúd sa ghrinnfhiosrúchán polaitiúil céanna in 2021, tráth ar dhícháiligh na húdaráis iarrthóirí a bhí ar son an daonlathais den chéad uair. Ní raibh an cinneadh faoi réir achomhairc.

Mhínigh Cathaoirleach an Choimisiúin, an 15 Iúil freisin, go ndearnadh an cinneadh dícháiliúcháin bunaithe ar 'thuairimí athbhreithnithe' ó Choiste na cathrach um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint, faoi chathaoirleacht an Phríomhfheidhmeannaigh. Feidhmíonn oifigigh mhórtáire ó Oifig Idirchaidrimh an Rialtais Láir in Macao ar an gCoiste um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint freisin. Leis an socrú sin, tá tionchar díreach ag an Rialtas Láir ar thoghcháin reachtas áitiúil Macao.

I ráiteas ar leithligh a foilsíodh an 15 Iúil, chuir an Rialtas in iúl, cé nár cinneadh go ndearna iarrthóir aon ghníomhaíocht a mheastar 'nár chloígh leis an mBundlí' nó 'nár thug dílseacht don Sainréigiún Riaracháin', go mbeidh an t-iarrthóir fós dícháilithe de bharr 'cúnamh a thabhairt do dhaoine eile nó éascaíocht a dhéanamh dóibh gníomhartha den sórt sin a

dhéanamh,’ agus tagairt á déanamh don ‘Dlí Toghcháin do Thionól Reachtach Shainréigiún Riaracháin Macao’ arna leasú, a glacadh in 2024.

Dúradh sa ráiteas freisin, fad a measadh ‘nach raibh iarrthóir ar liosta toghcháin ag cloí leis an mBundlí’ nó ‘nach raibh dílseacht aige do Shainréigiún Riaracháin’ as ‘ionsaí de mheon mímhacánta, clúmhillleadh, clúmhillleadh nó maslú’ a dhéanamh ar dhlíthe agus ar chinntí na Daon-Chomhdhála Náisiúnta agus a Buachoiste, nach bhféadfaí iarrthóirí eile ar an liosta céanna a ghlac le ‘tacaíocht ó iarrthóir den sórt sin chun críocha toghcháin’ a mheas mar iarrthóirí a bhí ‘ag cloí leis an mBundlí’ agus ‘ag gealladh dílseachta don Sainréigiún Riaracháin.’

An 18 Iúil, dhiúltaigh Coimisiún Gnóthaí Toghcháin an Tionóil Reachtaigh d’achomharc ó Tim Wong Tak Loi agus óna ghrúpa toghcháin ‘Cumhacht Saoil in Macao’ a dícháiliú ón sheasamh sa toghchán. D’athdhearbhaigh an Coimisiún nach raibh an dícháiliú faoi réir achomhairc. Mar sin féin, d’aontaigh sé éarlais an iarrthóra a thabhairt ar ais don ghrúpa.

Ar leithligh, roinn an t-iar-reachtóir ar son an daonlathais Antonio Kuok Cheong Ng ar a mheáin shóisialta an 12 Meán Fómhair go bhfuair sé ‘ordú ó na húdaráis’ Macao a fhágáil ar feadh 10 lá, i gcomhthráth le tréimhse an toghcháin.

**Gabhadh Sunny Au, iar-reachtóir ar son an daonlathais, an 30 Iúil faoi reachtaíocht slándála náisiúnta Macao** mar gheall ar líomhain go raibh sé ‘i gelaonpháirt le fórsaí eachtracha.’ Ba é sin an chéad uair ar agair na húdaráis an Dlí maidir le Slándáil Náisiúnta a Chosaint, a leasaíodh go deireanach in 2023 chun ailíniú níos dlúithe le dlíthe slándála na Mórthíre.

Tá sé faoi choinneáil réamhthrialach ó shin agus d’fhéadfadh sé sin seasamh ar feadh 3 bliana ar a mhéad. Liostaíodh bean chéile Au mar fhinné agus bhí uirthi tuairisciú d’Oifig na nIonchúiseamh Poiblí chun fianaise a thabhairt an 31 Iúil. Tuairiscíodh go raibh baint ag an ngabháil leis na hábhair soláthair, a bhain le comóradh chniogbheartaíocht Tiananmen 1989 an 4 Meitheamh, le Comhghuaillíocht na Síne um an Daonlathas, grúpa atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe agus a thacaíonn le gníomhaíochtaí daonlathacha sa tSín.

Fuair Au roinnt glaonna inar chuir sé ‘ábhair imní’ in iúl sna 10 lá roimh chomóradh an 4 Meitheamh ach dúirt sé leis na meáin nár bhraith sé go raibh brú air. Mar a tharla i mblianta roimhe seo, phostáil sé téacsanna arís ar Facebook ag cur síos ar an ócáid stairiúil

An 18 Samhain, d’fhógair an Príomhfheidhmeannach Sam Hou Fai a dhara haitheasc beartais. Gheall sé leanúint ar aghaidh le héagsúlú eacnamaíoch, feabhas a chur ar éifeachtacht rialachais agus ar shlí beatha daoine chomh maith le comhtháthú Macao san fhorbairt náisiúnta a dhoimhniú.

Thairis sin, tá sé beartaithe ag a riarachán a cheangal ar gach státseirbhíseach reatha agus gach státseirbhíseach atá ag teacht isteach mionn a thabhairt chun cloí le Bundlí Macao agus dílseacht a ghealladh don Sainréigiún Riaracháin. Is é is aidhm don bheartas sin ‘bunús rialachais na dtírghráthóirí atá ag riar Macao a neartú.’

D’éirigh an breitheamh Portaingéalach Rui Carlos dos Santos Pereira Ribeiro as Cúirt an Dara Céim, agus éifeacht aige sin ón 1 Samhain. An 12 Nollaig, thug an Chúirt Tosaíochta ardú

céime do Jerónimo Alberto Gonçalves Santos, arb é an t-aon bhreitheamh Portaingéalach é atá gníomhach in Macao. Tháinig an ceapachán i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026.

Thug Príomh-Aire na Portaingéile, Luís Montenegro cuairt ar Macao idir an 9 agus an 10 Meán Fómhair. D'fhógair an Príomh-Aire go mbeidh **Cruinniú Chomhchoiste Macao-na Portaingéile** ar siúl in Macao idir an 4 agus an 6 Feabhra 2026, beagnach 7 mbliana tar éis an tseisiúin dheireanaigh.

Ag an bhfáiltiú mar chomóradh ar Lá na Portaingéile, Camões agus Pobail na Portaingéile an 10 Meitheamh, dúirt an Príomhfheidhmeannach Sam Hou Fai go raibh pobal na Portaingéile tar éis rannchuidiú go comhsheasmhach le 'forbairt rathúil gnóthas éagsúil' in Macao. Chuir Sam in iúl 'go raibh sé buíoch as tacaíocht bhuan phobal na Portaingéile do Rialtas Macao agus as a chomhar leis' agus as an méid a chuir siad le forbairt shocheacnamaíoch Macao.

Bhuail **Oll-Tíofún Ragasa** Macao an 24 Meán Fómhair, rud a spreag an Biúró Meitéareolaíoch agus Geoifisiceach an comhartha rabhaidh is airde a eisiúint (Uimh. 10, 'Comhartha Spéirlinge') toisc gur mhó ná 118 km in aghaidh na huaire na meánluasanna gaoithe. Ba í an stoirm an cioclón trópaiceach ba láidre i réigiún an Aigéin Chiúin Thuaidh Thiar in 2025. A bhuí le hullmhú éifeachtach, níor maraíodh aon duine sa chathair agus níor gortaíodh ach ochtar.

### **Ceartha, saoirsí agus comhdheiseanna**

An 3 Feabhra 2025, chuir Rialtas Láir agus Rialtas Macao a dtuarascáil thráthrialta faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta. Bhí moill 6 bliana uirthi. Bhí an tuarascáil ceaptha a bheith seolta ar dtús in 2019. Shonraigh Rialtas Macao a chuid oibre maidir leis an gCoinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach a chomhlíonadh. Cé go raibh imní ar Choiste na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta ina bharúil deiridh a eisíodh in 2016 'nár leathnaíodh an dlí maidir le foréigean teaghlaigh chuig gach duine aonair i ndlúthchaidreamh gan beann ar a ngnéaschlaonadh', níor tugadh aghaidh ar an ábhar imní sin san aighneacht is déanaí ó Rialtas Macao.

An 5 Nollaig 2025, thíolaic Macao an 'Tuarascáil ón bPáirtí is Stát maidir leis an Obair Leantach ar Bharúlacha Deiridh' ón gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla. Mar fhreagra ar an iarraidh sna barúlacha deiridh chun athbhreithniú a dhéanamh ar Dhlí Uimh. 2/93/M (Ceartha Tionóil agus Léirsiú) chun 'aon léirmhíniú treallach a d'fhéadfadh srian míchuí a chur ar an gceart chun saoirse comhthionóil' a chosc, d'athdhearbhaigh údaráis Macao 'go bhfuil sé d'oibleagáid' ar na póilíní déanamh cinnte go ndéantar 'tionóil phoiblí agus léirsithe poiblí ar bhealach dleathach agus ordúil chun tionchar tromchúiseach ar an tslándáil náisiúnta a sheachaint.'

**Maidir le ceartha saothair**, d'fhormheas an Chomhairle Feidhmiúcháin méadú 2,9 % ar phá íosta MOP 1 in aghaidh na huaire an 24 Deireadh Fómhair, á ardú ó MOP 34 (EUR 3,7) atá ann faoi láthair go MOP 35 (EUR 3,8). Gabhfaidh éifeacht leis an mbeartas an 1 Eanáir 2026. De réir mheastacháin an Rialtais, beidh tionchar ag an mbeart sin ar thart ar 18 200 duine, arb ionann é agus 4,4 % den lucht saothair iomlán.

Leanadh den bhrú ar an **tsaoirse comhthionóil**. Ní dhearnadh aon chomóradh poiblí ar chomóradh chniogbheartaíocht Tiananmen in 1989 le 4 bliana as a chéile.

An 1 Bealtaine, bhí fear a bhí ag agóid ina aonar in aghaidh oibrithe imirceacha a bheith i láthair in Macao faoi choimeád ag na póilíní. Chuir forfheidhmiú an dlí i leith an fhir gur sháraigh sé an Dlí maidir leis an gCeart Tionóil agus Léirsithe. Ar leithligh, b'éigean don ghrúpa um chearta saothair Macao People Power léirsiú pleanáilte Lá an tSaothair a chur ar ceal freisin mar gheall ar 'bhrú' ó na póilíní. Mhínigh Uachtarán an ghrúpa gur chuir sé iarraidh fhoirmiúil isteach i mí Aibreáin chun agóid a reáchtáil ach chuir na póilíní toghairm air arís agus arís eile pleananna teagmhasacha le haghaidh 'imthosca neamhrialaithe' a phlé, amhail 'agóideoirí a bheith ag tapú na deise chun trioblóid a tharraingt.' Chinn an grúpa ar deireadh staonadh ón ngníomhaíocht phoiblí agus litir achainí a chur faoi bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh ina ionad sin.

**Bhí saoirse an phreasa agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh** fós faoi bhrú freisin. D'fhógair an eagraíocht meán neamhspleách All About Macao an 30 Deireadh Fómhair go gcuirfí deireadh lena chuid oibríochtaí tar éis an 20 Nollaig. Mhínigh an t-ionad go ndearnadh an cinneadh 'tar éis breithniú críochnúil a dhéanamh' i bhfianaise 'brú agus riosca atá ag méadú.' I mí Dheireadh Fómhair, chuir Biúró Faisnéise an Rialtais in iúl don ionad gur díchláraíodh é faoin Dlí Preasa (Uimh. 7/90/M) agus nár chomhlíon sé 'coinníollacha reachtúla chun gníomhaíochtaí ábhartha a shaothrú' a thuilleadh.

I mí Aibreáin 2025, seoladh imscrúduithe coiriúla in aghaidh triúr tuairisceoirí All About Macao chun féachaint le freastal ar chruinniú den Tionól Reachtach, a bheadh ar oscailt don phobal agus don phreas de ghnáth. D'eisigh Cumann Iriseoirí na hEorpa agus Gairmithe Cumarsáide san Áise ráiteas inar cáineadh diúltú rochtana agus coinneála na dtuairisceoirí. Diúltaíodh arís do bheirt tuairisceoirí ó All About Macao dul isteach i bhfoirgneamh an Tionóil Reachtaigh i mí an Mheithimh, nuair a d'fhéach siad le freastal ar sheisiún faisnéise do na meáin a reáchtáil Coiste Leantach um Ghnóthaí Riaracháin Phoiblí an reachtais maidir le hábhair amhail fostaíocht agus oiliúint d'oibrithe áitiúla.

**Ní raibh ach spás teoranta ann le haghaidh abhcóideachta chun cearta daoine LADTI+ a chur chun cinn.** Bhí tríú Féile Scannán Idirnáisiúnta Aiteach Macao ar siúl idir an 30 Bealtaine agus an 21 Meitheamh le tacaíocht ó roinnt Consalachtaí de chuid Bhallstáit an Aontais.

## II. Forbairtí eacnamaíocha

Tháinig méadú ar gheilleagar Macao don tríú bliain as a chéile in 2025. Tháinig **méadú** 4,7 % bliain ar bhliain ar **OTI Macao** in 2025, go MOP 417,3 billiún (EUR 45,0 billiún), de réir na réamhfhigiúirí a bhí ar fáil tráth scríofa na tuarascála seo<sup>2</sup>. Mar sin féin, níor théarnaigh geilleagar Macao go hiomlán go dtí na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim.

Thacaigh **méadú ar an líon turasóirí** leis an bhfás eacnamaíoch in 2025. Thug 40,1 milliún duine san iomlán cuairt ar Macao le linn na bliana. Is méadú 14,7 % bliain ar bhliain é sin agus den chéad uair ó dheireadh phaindéim COVID-19 ba mhó an líon turasóirí ná an leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim (39,4 milliún in 2019). Ba chuairoteoirí ar mhórthír na Síne iad 72,4 % de na turasóirí a tháinig go Macao agus ba chuairoteoirí ó Hong Cong iad 18,2 %<sup>3</sup>.

<sup>2</sup> Preaseisiúint ó Rialtas Shainréigiún Riaracháin Macao <https://www.gov.mo/en/news/392652/>.

<sup>3</sup> Staidreamh agus Seirbhísí Daonáirimh Rialtas Shainréigiún Riaracháin Macao <https://www.dsec.gov.mo/en-US/>

Ba iad na **tionscail chearrbhachais agus tionscail ghaolmhara** ba mhó a chuir le geilleagar Macao, le tacaíocht ó chaiteachas turasóirí den chuid is mó. In 2025, lean an t-ioncam cearrbhachais de bheith ag téarnamh agus tháinig méadú 9,1 % bliain ar bhliain air go MOP 248,0 billiún (EUR 26,7 billiún)<sup>4</sup>. Mar sin féin, d'ainneoin an mhéadaithe, bhí an t-ioncam cearrbhachais fós 15,4 % níos ísle ná mar a bhí roimh an bpaindéim (in 2019).

Ba é 1,9 % **an ráta dífhostaíochta** in 2025, méadú beag ó 1,8 % in 2024. Bhí an leibhéal **boilscithe** íseal i rith na bliana, agus tháinig méadú 0,3 % ar an meán ar an bpraghasinnéacs tomhaltóirí ilchodach.

Ag deireadh 2025, b'ionann **cúlchistí fíoscacha** Macao agus MOP 667 mbilliún (EUR 71,9 billiún), méadú 8,2 % ó dheireadh 2024. Is leor na cúlchistí chun thart ar 7,1 bliain de chaiteachas Rialtais a chumhdach (bunaithe ar chaiteachas Rialtais ar leibhéal 2025).

In 2024 (staidreamh Macao, an staidreamh is déanaí atá ar fáil), shroich an stoc **IDC** in Macao MOP 395 bhilliún (EUR 42,6 billiún), méadú 4,5 % bliain ar bhliain. Ba iad Hong Cong agus mórhír na Síne na foinsí IDC ba mhó.

### **Beartas eacnamaíoch**

Ina aitheasc beartais an 18 Samhain 2025, chuir an Príomhfheidhmeannach Sam Hou Fai tosaíochtaí eacnamaíocha Macao i láthair, lena n-áirítear (i) éagsúlú eacnamaíoch Macao a chur chun cinn; (ii) leanúint de Mhórchearantar na Bá a fhorbairt agus comhtháthú ann; (iii) forbairt eacnamaíoch mhórhír na Síne a chomhtháthú a thuilleadh agus páirt bhreise a ghlacadh inti; (iv) leanúint d'fhorbairt Chrios Dianchomhair Guangdong-Macao in Hengqin; (v) ról Macao mar nascóir idir Mórhír na Síne agus tíortha labhartha na Portaingéilise a neartú; agus (vi) rialachas Macao a fheabhsú. Fógraíodh san aitheasc beartais freisin tionscnaimh chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar rialacháin, nósanna imeachta a chuíchóiriú agus a dhigitiú, ranna a atheagrú, oibreacha in aghaidh an éillithe a neartú agus leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

**In earnáil an chearrbhachais**, leanadh de cheangal a chur ar lamháltóirí casaíne infheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíochtaí nach mbaineann le cearrbhachas, chun tacú le héagsúlú eacnamaíoch Macao. Le linn na bliana, dúnadh casaíní satailítí (casaíní arna mbainistiú ag oibreoirí tríú páirtí faoi cheadúnais phríomhlahmáltóirí na cathrach), de réir dlí cluichíochta nua a glacadh in 2022 lena áiríodh ceanglas chun deireadh a chur le casaíní satailíte faoi mhí na Nollag 2025<sup>5</sup>. San aitheasc beartais, d'fhógair an Príomhfheidhmeannach go ndéanfaidh an Rialtas athbhreithniú reachtúil ar fheidhmíocht lamháltóirí casaíne, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar a n-infheistíocht i ngníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí cearrbhachais iad chun tacú le héagsúlú eacnamaíoch Macao. Le linn na bliana, tugadh bille isteach sa Tionól Reachtach chun rialacha maidir le fógraíocht in Macao a leasú, lena n-áirítear rialáil níos déine a dhéanamh ar fhógraíocht gníomhaíochtaí cearrbhachais<sup>6</sup>.

<sup>4</sup> Arna thiontú go EUR le EUR 1 = MOP 9,28 (ó dheireadh mhí na Nollag 2025)

[https://commission.europa.eu/funding-tenders/procedures-guidelines-tenders/information-contractors-and-beneficiaries/exchange-rate-inforeuro\\_ga](https://commission.europa.eu/funding-tenders/procedures-guidelines-tenders/information-contractors-and-beneficiaries/exchange-rate-inforeuro_ga)

<sup>5</sup> Staidreamh agus Seirbhísí Daonáirimh Rialtas Shainréigiún Riaracháin Macao <https://www.gov.mo/en/news/360247/>.

<sup>6</sup> Suíomh gréasáin thionól reachtach Shainréigiún Riaracháin Macao <https://www.al.gov.mo/pt/law/lawcase/615>

Le linn na bliana, leanadh den phríomhbheartas chun **éagsúlú eacnamaíoch** a chur chun cinn, agus é mar chuspóir rannchuidiú na dtionscal nach tionscal cearrbhachais iad le OTI a mhéadú. Bainfear é sin amach trí na tionscail ‘1 + 4’ a fhorbairt (seasann ‘1’ don turasóireacht agus don fhóillíocht), i.e. foinsí na dturasóirí a éagsúlú agus caiteachas turasóireachta a atreorú chuig gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí cearrbhachais iad. Is cúram sláinte iad na ‘4’ thionscal eile (ag díriú ar leigheas traidisiúnta na Síne, lena n-áirítear taighde agus forbairt, táirgeadh, seirbhísí leighis agus leathnú thar lear); seirbhísí airgeadais; teicneolaíochtaí nua; agus coinbhinsiúin agus taispeántais, trádáil, cultúr agus spórt. San aitheasc beartais, d’aontaigh an Príomhfheidhmeannach go raibh an t-éagsúlú níos moille ná mar a bhí coinne leis.

De réir an tionscail, tá **easpa linn tallainne éagsúlaithe** in Macao fós ina bac ar an éagsúlú eacnamaíoch. Fógraíodh san aitheasc beartais go mbeidh sé d’aidhm ag an Rialtas níos mó tallann ardleibhéil a mhealladh chuig Macao, agus leanúint de thosaíocht a thabhairt don fhostaíocht áitiúil an tráth céanna.

San aitheasc beartais, cuireadh tionscnaimh i láthair chun tacú le **teicneolaíochtaí nua agus leis an nuálaíocht**. Áirítear leis sin tallann a mhealladh agus a chothú agus leanúint de chistiú a chur ar fáil, trí scéimeanna éagsúla taighde agus nuálaíochta agus trí chistí nua Rialtais le haghaidh forbairt thionsclaíoch agus theicneolaíoch. Sprioc eile is ea níos mó cuideachtaí a mhealladh ó thíortha thar lear, go háirithe chun láithreacha a bhunú in Hengqin, in earnálacha amhail ciorcaid chomhtháite, bithleigheas, teicneolaíocht dhigiteach, agus aeraspás. Spreagtar comhar taighde le Mórthír na Síne agus le tíortha labhartha na Portaingéilise. Tógfaidh an Rialtas Páirc Thionsclaíoch nua um Thaighde agus Forbairt Teicneolaíochta agus tá sé beartaithe aige satailítí a sheoladh i gcomhar le Mórthír na Síne. Cuirtear an geilleagar digiteach chun cinn, lena n-áirítear ríomhthrachtáil agus íocaíochtaí digiteacha trasteorann in renminbi. Le linn na bliana, deimhníodh cuideachtaí breise faoi Chlár Macao um Dheimhniú Fiontar Teicneolaíochta. Ó mhí na Samhna 2025 ar aghaidh, deimhníodh 51 fhiontar, a raibh 1 800 duine fostaithe acu de réir fhoinsí an Rialtais<sup>7</sup>.

Maidir le **coinbhinsiún agus taispeántas**, bhí 1 331 imeacht MICE (‘cruinnithe, dreasachtaí, comhdhálacha agus taispeántais’) ar siúl in Macao sna chéad trí ráithe de 2025 (rud a bhí ina mhéadú 25,7 % bliain ar bhliain, agus a bhí níos mó ná leibhéil 2019)<sup>8</sup>.

**Maidir le sláinte**, féachann an Rialtas le tionscail na ‘Mórshláinte’ a chur chun cinn, lena n-áirítear seirbhísí leighis, turasóireacht sláinte, agus forbairt, táirgeadh agus tráchtáil leigheas traidisiúnta na Síne (TCM) — lena n-áirítear i gcomhar le Hengqin<sup>9</sup>, áit a bhfuil Páirc TCM le haghaidh comhair idir Guangdong agus Macao lonnaithe freisin.

Maidir le **seirbhísí airgeadais**, féachann Macao le níos mó cistí agus cuideachtaí thar lear a mhealladh (lena n-áirítear iad a mhealladh trí dhreasachtaí cánach) agus leis an gcreat reachtach le haghaidh seirbhísí airgeadais a athchóiriú a thuilleadh. Tá an Rialtas dírithe freisin ar mhargadh bannaí Macao a fhorbairt, lena n-áirítear naisc le Mórthír na Síne agus go hidirnáisiúnta a chur chun cinn agus níos mó eisiúintí a mhealladh ón Mórthír (Aireacht Airgeadais Dhaon-Phoblacht na Síne; D’eisigh Rialtas chúige Guangdong agus cathair

<sup>7</sup> Suíomh gréasáin an Chiste Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta  
[https://www.fdc.gov.mo/en/fund\\_information\\_detail/article/mhsugm5e.html#:~:text=The%20%E2%80%9CTechnology%20Enterprise%20Certification%20Program%E2%80%9D%20has%20been,annual%20revenue%20of%20nearly%20MOP%204.3%20billion.](https://www.fdc.gov.mo/en/fund_information_detail/article/mhsugm5e.html#:~:text=The%20%E2%80%9CTechnology%20Enterprise%20Certification%20Program%E2%80%9D%20has%20been,annual%20revenue%20of%20nearly%20MOP%204.3%20billion.)

<sup>8</sup> Preaseisiúint ó Sheirbhís Staidrimh agus Daonáirimh Rialtas Shainréigiún Riaracháin Macao  
<https://www.gov.mo/en/news/374828/>

<sup>9</sup> Preaseisiúint ó Bhiúró Forbartha Eacnamaíche Hengqin  
[https://www.hengqin.gov.cn/invest-hengqin-en/hqzx/news/zcdt/content/post\\_3862629.html](https://www.hengqin.gov.cn/invest-hengqin-en/hqzx/news/zcdt/content/post_3862629.html)

Shenzhen bannaí in Macao le linn na bliana)<sup>10</sup>. Le linn na bliana, seoladh nasc díreach idir láraonad margaí airgid Hong Cong agus taisclann lárnach urrús Macao, chun forbairt na margaí bannaí sa dá réigiún a chur chun cinn<sup>11</sup>. Rinne Macao athfhoirmliú freisin ar ‘Dlí na gCistí Infheistíochta’ (forógra an 28 Iúil 2025 agus teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026)<sup>12</sup> agus é mar aidhm aige cóineasú rialála agus nascacht idir Macao agus margaí cistí thar lear a fheabhsú agus níos mó institiúidí thar lear a mhealladh. I mí Lúnasa 2025, tháinig ‘Dlí maidir le Gníomhaíochtaí Idirghabhálaí Árachais’ (Dlí Uimh. 15/2024)<sup>13</sup> i bhfeidhm lena leasaítear an córas ceadúnúcháin, na caighdeáin oibríochtúla agus an creat formhaoirseachta sa tionscal árachais.

Le linn na bliana, thug Macao creat dlíthiúil nua isteach lena rialaítear an **eitlíocht shibhialta** agus é mar aidhm leis rochtain ar an margadh a leathnú trí chóras ceadúnúcháin tairiscintbhunaithe a thabhairt isteach chun seirbhísí do phaisinéirí a oibriú<sup>14</sup> (deireadh a chur le lamháltas eisiach Macao le Air Macau).

Maidir le **beartais chomhshaoil**, d’fhógair an Príomhfheidhmeannach san aitheasc beartais oibreacha chun cóireáil séarachais a fheabhsú, dramhaíl a laghdú agus tubaistí aeráide (lena n-áirítear tuilte) a chosc agus a mhaolú. Tá sé beartaithe ag an Rialtas cion an leictreachais ghlain a sholáthraítear do Macao ó Eangach Chumhachta Dheisceart na Síne a mhéadú go 50 % (allmhairítear an chuid is mó de leictreachas Macao ó mhórhír na Síne). Déanfar tuilleadh poiblíochta ar fheithiclí leictreacha agus ar iompar poiblí glas agus eiseofar Plean Caomhnaithe Comhshaoil (2026-2030). In 2025, ba fheithiclí leictreacha iad 37,8 % de na mótarfheithiclí nuachláraithe<sup>15</sup>. I mí an Mhárta, tionóladh Fóram & Taispeántas Idirnáisiúnta Macao um Chomhar Comhshaoil (MIECF) 2025.

Le linn na bliana, lean an Rialtas de **thacaíocht airgeadais a chur ar fáil do chónaitheoirí**, lena n-áirítear sochair airgid faoin Scéim Roinnte Rachmais agus liúntais éagsúla.

Rinneadh oibreacha bonneagair le linn na bliana, lena n-áirítear tithíocht phoiblí agus bonneagair iompair. Tá pleananna ag an Rialtas aerfort Macao a leathnú a thuilleadh (le tionscadal leathnaithe lonnaithe in Hengqin) agus líonra idirthurais iarnróid uirbhgh Shainréigiún Riaracháin Macao agus chun páirc thionsclaíoch agus crios turasóireachta agus cultúrtha a thógáil, chomh maith le campas ollscoile in Hengqin.

### **Comhtháthú eacnamaíoch le mórhír na Síne**

Is í mórhír na Síne an príomh-chomhpháirtí trádála earraí atá ag Macao, agus is léi a rinne Macao 29,4 % dá trádáil sheachtrach iomlán in 2025. Ba í mórhír na Síne an dara foinse ba

---

<sup>10</sup> Preaseisiúintí ó Údarás Airgeadaíochta Macao:

<https://www.gov.mo/en/news/363318/>

<https://www.gov.mo/en/news/366975/>

<https://www.gov.mo/en/news/367989/>

<sup>11</sup> Preaseisiúint ó Údarás Airgeadaíochta Hong Cong

<https://www.hkma.gov.hk/eng/news-and-media/press-releases/2025/01/20250121-3/>

<sup>12</sup> Preaseisiúint ó Rialtas Shainréigiún Riaracháin Macao

<https://www.gov.mo/en/news/391480/>

<sup>13</sup> Feasachán Oifigiúil Rialtas Shainréigiún Riaracháin Macao

<https://bo.dsaj.gov.mo/bo/i/2024/33/lei15.asp>

<sup>14</sup> Feasachán Oifigiúil Rialtas Shainréigiún Riaracháin Macao

<https://bo.dsaj.gov.mo/bo/i/2025/27/lei04.asp#4>

<sup>15</sup> Preaseisiúint ó Rialtas Shainréigiún Riaracháin Macao

<https://www.gov.mo/en/news/392648/>

mhó de stoc IDC a bhí ag an Sainréigiún Riaracháin freisin, tar éis Hong Cong, in 2024 (na sonraí is déanaí a bhí ar fáil). Tá geilleagar Macao ag brath go mór ar chuairteoirí ó Mhórthír na Síne a thaistealaíonn chuig an Sainréigiún Riaracháin le haghaidh turasóireachta agus cearrbhachais.

Leanann Macao de bheith á chur féin chun cinn mar ardán agus mar nascóir idir móirthír na Síne agus **tíortha labhartha na Portaingéilise** i réimsí amhail seirbhísí turasóireachta, trádála agus infheistíochta, teicneolaíochta agus airgeadais.

Tá comhtháthú eacnamaíoch níos géire á chur chun cinn le Móirthír na Síne ag Macao freisin, go háirithe trí thionscnaimh amhail **Mórchéantar na Bá mar a bhfuil Guangdong-Hong Cong-Macao** ('Mórchéantar na Bá' nó GBA) agus Crios Dianchomhair Guangdong-Macao in Hengqin.

San aitheasc beartais i mí na Samhna 2025, mhínigh an Príomhfheidhmeannach go leanfaidh Macao de bheith rannpháirteach go gníomhach i bhforbairt Mhórchéantar na Bá, rialacha agus sásra laistigh den réigiún a ailíniú a thuilleadh, comhar leis na húdaráis in Guangdong agus i Hong Cong a neartú agus nascacht bonneagair agus sreafaí trasteorann daoine a fheabhsú. Moltar do chónaitheoirí Macao cónaí agus oibriú i Mórchéantar na Bá, lena n-áirítear trí sheirbhísí riaracháin, leasa agus cúraim sláinte trasteorann a éascú. Spriocanna eile is ea branda turasóireachta Mhórchéantar na Bá, comhar maidir le taighde agus teicneolaíochtaí agus seirbhísí airgeadais, agus aitheantais réigiúnacha do dheimhniú tallainne agus do mhaoin intleachtúil a chur chun cinn.

Clúdaíonn **Crios Dianchomhair Guangdong-Macao in Hengqin** thart ar 100 ciliméadar cearnach – thart ar thrí oiread mhéid Macao agus tá sé lonnaithe i gcúige Guangdong, cóngarach don Sainréigiún Riaracháin. Tá an limistéar á riar go comhpháirteach ag Guangdong agus Macao agus cuireann sé talamh bhreise ar fáil chun tacú le héagsúlú eacnamaíoch Macao agus le comhtháthú níos doimhne le Móirthír na Síne. Cuireann socrú custaim cóir fhabhrach ar fáil d'earraí Macao a thagann isteach i gCrios Comhair Hengqin (lena ndíolmhaítear earraí incháilithe ó cháin Mhórthír na Síne). Le linn na bliana, eisíodh pleananna chun Hengqin a fhorbairt<sup>16</sup> agus cuireadh i dtábhacht freisin in aitheasc beartais Phríomhfheidhmeannach Macao forbairt an chreasa mar phríomhbheartas. I measc na n-earnálacha eacnamaíocha tosaíochta le haghaidh forbartha tá nuálaíocht agus teicneolaíocht, monaraíocht chliste, cúram sláinte agus leigheas traidisiúnta na Síne, seirbhísí airgeadais, agus fóillíocht agus MICE. Áirítear ar na beartais comhtháthú agus ailíniú rialála a chur chun cinn, feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus fiontair agus cónaitheoirí Macao a spreagadh chun iad féin a bhunú in Hengqin.

De réir staitisticí oifigiúla, ba é CNY 54,7 billiún (EUR 6,7 billiún) a bhí in OTI Hengqin in 2025 agus bhí 7 681 fhiontar arna maoiniú ag Macao bunaithe sa chríos (Nollaig 2025)<sup>17</sup> chomh maith le 23 749 gcónaitheoir de chuid Macao a bhí ina gcónaí in Hengqin agus 5 762 chónaitheoir de chuid Macao a bhí ag obair in Hengqin (Meitheamh 2025)<sup>18</sup>.

<sup>16</sup> Pleanáil Spásúil Chríochach Fhoriomlán Hengqin Guangdong-Crios Dianchomhair Macao (2021-2035)

[https://www.hengqin.gov.cn/macao\\_zh\\_hans/zwgk/zcfg/zyzc/content/post\\_3836370.html](https://www.hengqin.gov.cn/macao_zh_hans/zwgk/zcfg/zyzc/content/post_3836370.html)

Plean Forbartha Tionsclaíche Chrios Dianchomhair Hengqin Guangdong-Macao (2025-2029)

[https://www.hengqin.gov.cn/macao\\_zh\\_hans/zwgk/tzgg/gg/content/post\\_3810641.html](https://www.hengqin.gov.cn/macao_zh_hans/zwgk/tzgg/gg/content/post_3810641.html).

<sup>17</sup> Suíomh gréasáin Bhiúró Forbartha Eacnamaíche Hengqin

<https://www.hengqin.gov.cn/invest-hengqin-en/tshq/tjsj/index.html>

<sup>18</sup> Preaseisiúint ó Bhiúró Forbartha Eacnamaíche Hengqin [https://www.hengqin.gov.cn/macao\\_en/xwbb/content/post\\_3831188.html](https://www.hengqin.gov.cn/macao_en/xwbb/content/post_3831188.html)

Leis an **Scéim um Nascadh Bainistithe Rachmais Trasteorann**, ligtear do chónaitheoirí incháilithe Mhórthír na Síne, Hong Cong agus Macao infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí bainistithe rachmais arna ndáileadh i margadh a chéile, agus tá 11 bhanc Macao rannpháirteach sa scéim.

Le **Socrú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch Níos Dlúithe na Mórthíre agus Macao (CEPA)**, deonaítear rochtain nialais ar tharaifí d'earraí Macao a thagann isteach i margadh na Síne chomh maith le rochtain fhabhrach do sholáthraithe seirbhísí Macao.

### **III. Caidreamh idir Macao agus mórthír na Síne**

Thionóil an 20ú Lárchoiste de Pháirtí Cumannach na Síne a cheathrú seisiún iomlánach idir an 20 Deireadh Fómhair agus an 23 Deireadh Fómhair. Díríodh ag an gcruinniú ar an 15ú plean 5 bliana de chuid na Síne a cheapadh, plean a bheidh mar threoir d'fhorbairt na tíre ó 2026 go 2030. Sna 'Moltaí ó Lárchoiste Pháirtí Cumannach na Síne maidir leis an 15ú Plean 5 Bliana le haghaidh Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta a Fhoirmiú' a eisíodh an 28 Deireadh Fómhair, gheall an Páirtí go dtacódh sé le 'rathúnas agus cobhsaíocht fhadtéarmach' Hong Cong agus Macao.

An 23 Deireadh Fómhair, chuir Príomhfheidhmeannach Macao i dtábhacht 'go dtapóidh Macao na deiseanna nua faoin 15ú plean 5 bliana.' 'Déanfaidh an Rialtas a nasc leis an bpobal idirnáisiúnta a dhoimhniú chun freastal níos fearr ar an bhforbairt náisiúnta,' de réir ráitis

Thug toscaireacht ar a raibh Uachtarán Acadamh Eolaíochtaí na Síne agus Leas-Stiúrthóir Oifig an Lárchoimisiúin um Ghnóthaí Airgeadais agus Eacnamaíocha agus Leas-Stiúrthóir Oifig Phríomhghrúpa um Ghnóthaí Tuaithe Pháirtí Cumannach na Síne cuairt ar Macao idir an 22 agus an 23 Samhain chun an 15ú plean 5 bliana agus a impleachtaí do Macao a phlé. Thug an toscaireacht cuairt freisin ar Chrios Dianchomhair Guangdong-Macao in Hengqin.

Thug Xia Baolong, Stiúrthóir Oifig Oibre Pháirtí Cumannach na Síne (CPC) i Hong Cong agus Macao agus Comhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne cuairt ar Macao idir an 8 agus an 13 Bealtaine. Ba í sin an chéad chuairt chigireachta a thug Xia ar Macao ó chuaigh an riarachán áitiúil i mbun oifige i mí na Nollag 2024. Thathantaigh Xia ar an Rialtas buntáistí an 'chórais faoi stiúir feidhmiúcháin' a bhaint amach.

D'áitigh Xia freisin ar na pobail ghnó in Macao agus i Hong Cong 'spiorad na streachailte a thabhairt ar aghaidh,' agus d'iarr sé ar an bpobal gnó rannchuidiú níos mó leis an bhforbairt eacnamaíoch náisiúnta agus dúirt sé 'gur cheart do gach duine bunlíne na leasanna náisiúnta a chosaint go diongbháilte nuair atá damáiste á dhéanamh do na leasanna'.

An 30 Bealtaine, cheap Comhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne Zhou Ji, a bhí ina Leas-Stiúrthóir roimhe seo ar Oifig Oibre Hong Cong agus Macao d'Fheidhmeannas Lárchoiste CPC mar Stiúrthóir nua Oifig Idirchaidrimh an Rialtais Láir i Hong Cong. An 14 Iúil, cheap Béising Xu Qifang, iar-Leas-Stiúrthóir Roinn Eagraíochta Lárchoiste CPC chun teacht i gcomharbas ar Zhou ag Oifig Oibre Hong Cong agus Macao.

Rinne Guangdong, Hong Cong agus Macao na 15ú Cluichí Náisiúnta agus na 12ú Cluichí Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas agus na 9ú Cluichí Oilimpeacha Speisialta Náisiúnta a chomhóstáil i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2025, faoi seach. Is é seo an chéad uair a rinne Mórcheantar na Bá na Cluichí Náisiúnta a chomhóstáil.

#### IV. Caidreamh déthaobhach agus comhar idir an AE-Macao in 2025

Ba é an aidhm a bhí le Comhaontú Trádála agus Comhair 1992 idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Macao an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus Macao a neartú a thuilleadh. Cumhdaíonn an comhaontú comhar trádála, eacnamaíoch, eolaíoch agus teicneolaíoch.

Is ardán é Comhchoiste an Aontais-Macao trína bpléann Macao agus an tAontas Eorpach ábhair i roinnt réimsí. Tionóladh an **cruinniú** deireanach den **Chomhchoiste** in 2019.

D'eagraigh Oifig an Aontais Eorpaigh ceiliúradh chun Lá na hEorpa a chomóradh in 2025, an dara ceann ó cuireadh deireadh leis na srianta taistil a bhain le COVID. Bhuaile an Ceann Oifige atá ag Oifig an Aontais Eorpaigh in Hong Cong agus Macao le hoifigigh Macao (lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach) agus le páirtithe leasmhara ón saol gnó agus ón tsochaí shibhialta roinnt uaireanta le linn na bliana.

Bhí tríú Féile Scannán Idirnáisiúnta Aiteach Macao ar siúl idir an 30 Bealtaine agus an 21 Meitheamh le tacaíocht ó Ard-Chonsalachtaí agus Institiúidí Cultúrtha Bhallstáit an Aontais.

In 2025, ba é **an tAontas an dara comhpháirtí trádála earraí ba mhó a bhí ag Macao**, arbh ionann é agus 25,3 % de thrádáil iomlán Macao (i gcomparáid le 28,3 % i gcás Mhórhíor na Síne, an chéad chomhpháirtí trádála a bhí ag Macao).

Bunaithe ar shonraí Eurostat, b'fhiú EUR 887 milliún an **trádáil dhéthaobhach in earraí idir an tAontas agus Macao** in 2025 agus b'ionnmhairí ón Aontas chuig Macao (EUR 801 mhilliún) a bhí sa chuid is mó di sin. Ar phríomhionnmhairí an Aontais chuig Macao áiríodh éadaí agus corpbheart, seodra, earraí leathair agus só-earraí, bia agus deoch agus trealamh iompair.

A mhéid a bhaineann le **trádáil i seirbhísí**, bunaithe ar shonraí Eurostat, d'ionnmhairigh an tAontas EUR 292 mhilliún de sheirbhísí chuig Macao in 2024 (suas 7,7 % i gcomparáid le 2023). B'ionann allmhairí seirbhísí an Aontais ó Macao agus EUR 95 mhilliún in 2024 (laghdú -23,8 % i gcomparáid le 2023).

De réir Eurostat, EUR 1,68 billiún a bhí i **stoc IDC an Aontais** in Macao ag deireadh 2024 (an ceann is déanaí atá ar fáil), agus EUR 1,17 billiún IDC ó Macao san Aontas.